Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8482/26**
**ADD 1**

**ENER 199**
**ENV 402**
**COMPET 475**
**TRANS 244**
**CONSOM 131**
**IND 278**
**ECOFIN 518**
**FISC 144**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 370 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann leis an<br>TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>AccelerateEU – Aontas Fuinnimh<br>Fuinneamh slán inacmhainne trí ghníomhaíocht a bhfuil dlús curtha léi |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 370 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 370 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.4.2026
COM(2026) 370 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINNÍ**

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA, AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**AccelerateEU – Aontas Fuinnimh**
**Fuinneamh slán inacmhainne trí ghníomhaíocht a bhfuil dlús curtha léi**

GA GA

## IARSCRÍBHINN I

### Samplaí de dhea-chleachtais náisiúnta a ghlacadh

| |
|---|
| **Borradh a chur faoi ghlacadh teicneolaíochtaí glana** |
| Fóirdheontais mhórscála le haghaidh teaschaidéal, fuinneamh geoiteirmeach agus grianfhuinnimh, mar aon le 'Ciste Teasa' EUR 500 milliún le haghaidh earnáil na tionsclaíochta chun imeacht ó bhreoslaí iontaise go bithmhais, fuinneamh gaoithe agus grianfhuinneamh. Spreagadh a thabhairt do ghlacadh teaschaidéal i bhfoirgnimh nua faoi 2027. Scéimeanna léasaithe shóisialta a leathadh amach le haghaidh feithiclí leictreacha. |
| CBL a laghdú go ráta 6 % le haghaidh teaschaidéal, fótavoltachas gréine agus coirí gréine. |
| Fóirdheontas suas le 100 % a chur ar fáil do theaghlaigh leochaileacha chun coirí iontaise a ionadú. |
| Oibleagáid a chur ar chuideachtaí gach beart éifeachtúlachta fuinnimh a bhfuil tréimhse aisíoca níos lú ná 5 bliana acu a chur chun feidhme. Scéim fóirdheontais le haghaidh feithiclí tráchtála astaíochtaí nialasacha le haghaidh cuideachtaí. |
| Praghsanna leictreachais níos ísle le haghaidh teaschaidéal mar mhalairt ar sholúbthacht an chórais. |
| Ceantanna déthaobhacha a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu le haghaidh táirgeadh eSAF faoi Chomhghuaillíocht na gCeannródaithe eSAF |
| Dreasachtaí cánach nó dreasachtaí airgeadais eile le haghaidh flíteanna corparáideacha feithiclí leictreacha |
| **Bearta san earnáil tógála** |
| Fóirdheontais suas le 50 % agus iasachtaí saor ó ús a sholáthar (suas le EUR 50 000) le haghaidh athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear insliú. |
| Plean comhtháite lena gcomhcheanglaítear bearta iompraíochta, infheistíochtaí aisíoca tapa agus athchóiriú fadtéarmach, lena ndírítear ar choigilteas fuinnimh 20 % thar thréimhse 2 bhliain. |
| Feachtas múscailte feasachta chun laghdú 1 °C a dhéanamh ar theochtaí téimh agus méadú 1 °C a dhéanamh ar theochtaí fuaraithe i bhfoirgnimh phoiblí. |
| Reachtanna coigilte fuinnimh lena ndírítear ar an earnáil phoiblí, ar ghnólachtaí agus ar theaghlaigh, ar reachtanna iad ag a bhfuil rialacha maidir le téamh, soilsiú agus úsáid fuinnimh, chun laghdú thart ar 20 TWh in aghaidh na bliana a dhéanamh ar ídiú gáis. |
| **Dreasachtaí le haghaidh iompar poiblí agus aistriú módach** |
| Pas iompair aonair náisiúnta, lena gcumhdaítear taisteal neamhtheoranta ar gach bus idir-réigiúnach státoibrithe, agus seirbhísí roghnaithe. Seirbhísí iompair a fhreagraíonn ar an éileamh i gceantair thuaithe. |
| Praghsanna ticéad iarnróid a reo trí chúiteamh poiblí. |
| Feachtas ar fud na tíre lena gcuirtear coigilteas fuinnimh chun cinn, lena n-áirítear athruithe iompraíochta a bhaineann le hiompar. Clár cistiúcháin rothar lasta. Síntiús míosúil aonair ar ráta comhréidh a bheidh bailí ar gach modh iompair phoiblí áitiúil agus réigiúnach. |
| Pas bliantúil fóirdheonaithe ar ráta comhréidh agus lena spreagtar úsáid laethúil an iompair phoiblí uirbigh |
| Infheistíochtaí i mbonneagar rothaíochta agus i scéimeanna comhroinnte lena ndírítear ar réigiúin ina bhfuil leibhéil níos airde maidir le bochtaineacht iompair |
| Plean náisiúnta roinnte gluaisteáin |
| Sochair chánach is infheidhme maidir le gluaisteáin chuideachta le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha a fháil nó úinéireacht feithiclí den sórt sin, lena n-áirítear laghduithe nó díolúintí ó cháin chomhchineáil |
| Dreasachtaí ceannaigh le haghaidh feithiclí ceallra-leictreacha agus tacaíocht chun pointí luchtaithe a shuiteáil ag foirgnimh chónaithe nó ag áitribh ghnó |
| **Bearta cothrománacha** |
| Uirlisí digiteacha a fhorbairt chun ídiú solúbtha leictreachais agus aistriú éilimh a chur chun cinn. |
| Feachtas iompraíochta ar fud na tíre '*Down a degree to ensure energy for all households*' [Ísliú aon chéime chun fuinneamh do chách a chinntiú], rud a d'fhág gur ghlac 86 % de shaoránaigh bearta coigilte fuinnimh. |

## IARSCRÍBHINN II

### Cineálacha beart chun faoiseamh láithreach a sholáthar

| Cad is féidir leis na Ballstáit a dhéanamh chun tionchar láithreach a imirt? | Cé na huirlisí atá le húsáid agus conas iad a úsáid? |
|---|---|
| **Teaghlaigh agus foirgnimh** | |
| **1. Teaghlaigh leochaileacha a chosaint** | • Dearbháin fuinnimh spriocdhírithe a eisiúint le haghaidh teaghlaigh leochaileacha.<br>• Breithniú a dhéanamh, más gá, ar phraghsanna rialáilte sealadacha spriocdhírithe a thabhairt isteach le haghaidh teaghlaigh leochaileacha agus teaghlaigh fhuinneamhbhochta (taraifí sóisialta).<br>• Laghduithe spriocdhírithe iomlána nó páirteacha a thabhairt isteach ar dhleachtanna máil ar leictreachas le haghaidh teaghlaigh fhuinneamhbhochta agus teaghlaigh leochaileacha. |
| **2. Úsáid éifeachtúil téimh agus aerchóirithe** | • Coigeartú a dhéanamh ar réamhshocruithe maidir le coirí comhdhlúthúcháin agus córais aerchóiriúcháin láraithe i bhfoirgnimh phoiblí chun éifeachtúlacht a mhéadú agus chun úsáid fuinnimh le haghaidh téimh, fuaraithe agus téamh uisce a laghdú.<br>• A cheangal ar áititheoirí foirgneamh tráchtála na réamhshocruithe ar choirí comhdhlúthúcháin agus ar chórais aerchóiriúcháin láraithe a choigeartú chun éifeachtúlacht a mhéadú.<br>• Áititheoirí foirgneamh cónaithe príobháideach a spreagadh chun teochtaí coirí comhdhlúthúcháin a choinneáil faoi bhun 50 céim. |
| **3. Tacú le leathadh amach tapa teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar fhuinneamh sa bhaile, éifeachtúlacht fuinnimh agus téamh uisce san áireamh** | • Dreasachtaí fioscacha spriocdhírithe agus/nó tacaíocht airgeadais a thabhairt isteach, lena n-áirítear léasú sóisialta le haghaidh teaghlaigh leochaileacha, chun teicneolaíochtaí glana éifeachtúla atá éasca le suiteáil a leathadh amach go tapa, amhail ceallraí inluchtaithe, painéil fhótavoltacha, teaschaidéil agus fuinneoga ardfheidhmíochta.<br>• Taraifí sóisialta beogachta agus deontais bhónais a úsáid chun coirí atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise a ionadú go tapa.<br>• Deireadh a chur le bacainní dlíthiúla ar chun in úsáid sábháilte teicneolaíochtaí inluchtaithe ‘taobh thiar den mhéadar’ chun costais chórais a mhaolú agus idir-inoibritheacht agus solúbthacht a spreagadh.<br>• Dreasachtaí fioscacha agus/nó fóirdheontais a thabhairt isteach i gcomhair tomhaltóirí chun fearais leictreacha a chur in ionad fearais chócaireachta atá bunaithe ar ghás, seanfhearais chócaireachta nó fearais chócaireachta neamhéifeachtúla. |
| **4. Dícheangal fuinnimh a chosc** | • Toirmeasc sealadach a chur i bhfeidhm ar dhícheangal fuinnimh.<br>• Tacú le cobhsaíocht airgeadais soláthróirí trí bhainistíocht riosca soláthróra fhónta a dhéanamh agus trí scéimeanna éifeachtacha soláthróra na dála deiridh.<br>• A áirithiú go dtugann soláthróirí fuinnimh comhairle ‘na taraife is fearr’ do chustaiméirí bunaithe ar úsáid agus go dtugann siad ‘luathrabhaidh’ nuair a thagann méadú tobann ar ídiú nó nuair a thagann rioscaí chun cinn maidir le neamhíocaíocht. |
| **5. Malartú agus solúbthacht éilimh a chumasú** | • A chinntiú gur féidir le tomhaltóirí aistriú go héasca chuig conarthaí níos saoire agus uirlisí comparáide praghsanna a rochtain atá neodrach agus trédhearcach chun na taraifí agus na conarthaí is fearr a roghnú.<br>• Deireadh a chur le bacainní ar chuideachtaí a chúitíonn custaiméirí as a n-úsáid leictreachais a aistriú ó bhuaicuaireanta go dtí an tráth a bhíonn sé níos saoire. |

| | |
|---|---|
| **6. An t-uath-ídiú leictreachais agus pobail fuinnimh a chur chun cinn** | • Na Moltaí ón gCoimisiún maidir leis an uath-ídiú leictreachais agus pobail fuinnimh a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta.<br>• Tacú leis an uath-ídiú leictreachais agus le pobail féintomhaltais, agus iad a chumasú a thuilleadh, trí dhreasachtaí fioscacha agus/nó fóirdheontais a eisiúint, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as ráthaíochtaí agus cistí an Aontais chun tacú le pobail fuinnimh. |
| **7. Feasacht a mhúscailt** | • Comhairle atá saor in aisce agus deimhnithe feidhmíochta fuinnimh a sholáthar mar aon le moltaí maidir le bearta coigilte fuinnimh.<br>• Tacú le feachtais faisnéise chun an pobal agus FBManna a spreagadh chun fuinneamh a shábháil. |
| **Earnáil na tionsclaíochta, gnólachtaí agus FBManna** | |
| **8. Cleachtais nuálacha mhaoinithe agus Cuideachtaí Seirbhísí Fuinnimh** | • Tacú le forbairt agus leathadh amach tapa scéimeanna maoinithe nuálacha agus táirgí airgeadais a thacaíonn le glacadh tapa fuinnimh in-athnuaite, stórála, beart éifeachtúlachta fuinnimh agus Cuideachtaí Seirbhísí Fuinnimh. |
| **9. Iniúchtaí fuinnimh agus caillteanas teasa a laghdú** | • Dreasú a dhéanamh ar iniúchtaí fuinnimh agus ar ghlacadh na moltaí is mó tionchar agus is costéifeachtaí chun dul i ngleic le caillteanas teasa ó phróisis ardteochta.<br>• Cuideachtaí a spreagadh chun na bearta arna sainaithint ag na hiniúchtaí fuinnimh a chur chun feidhme le tréimhse aisíoca áirithe (e.g. 3 bliana).<br>• Spotseiceálacha agus cothabháil ar chórais téimh theirmigh a sholáthar chun dramhaíl a laghdú. |
| **10. Mótair leictreacha neamhéifeachtúla a ionadú agus an t-aistriú chuig foinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair a chur chun cinn** | • Dreasachtaí fioscacha spriocdhírithe agus/nó fóirdheontais a thabhairt isteach chun dlús a chur le hionadú córas mótair leictrigh neamhéifeachtúil in earnáil na tionsclaíochta.<br>• Dreasachtaí fioscacha agus/nó fóirdheontais a thabhairt isteach chun dlús a chur le córais atá bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus atá níos costéifeachtaí a chur in ionad córais atá bunaithe ar bhreoslaí iontaise. |
| **11. Feirmeoirí** | • Tacaíocht leanúnach le haghaidh táirgeadh bithgháis agus bithmheatáin.<br>• Suiteálacha fuinnimh ghlain agus éifeachtúil a spreagadh ar leibhéal na feirme.<br>• Úsáid cothaitheach athchúrsáilte a éascú. |
| **Iompar** | |
| **12. Iompar poiblí agus iompar d'iarnród a chur chun cinn** | • Praghas an iompair phoiblí a laghdú agus/nó é a dhéanamh saor in aisce i gcás catagóirí áirithe daoine (e.g. na daoine is leochailí).<br>• Úsáid iarnróid a chur chun cinn le haghaidh taisteal gnó agus lasta. |
| **13. Roghanna malartacha ar iompar gluaisteáin a chur chun cinn i gceantair uirbeacha agus pheirea-uirbeacha** | • Tacaíocht phoiblí a thabhairt isteach le haghaidh comhroinnt rothar agus réitigh mhicrea-shoghluaisteachta eile agus dreasachtaí a thabhairt isteach (e.g. fóirdheontais nó dreasachtaí fioscacha) chun rothair a cheannach.<br>• Bonneagar rothaíochta agus siúil a fhorbairt a thuilleadh agus rothair ar iompar poiblí a éascú.<br>• Seachadadh an mhíle deiridh le rothair lasta nó feithiclí seachadta leictreacha níos lú a dhreasú. |
| **14. Roinnt gluaisteáin a chur chun cinn** | • Lánaí tráchta tiomnaithe agus áiteanna páirceála tiomnaithe a chruthú le haghaidh feithiclí ina mbíonn líon níos airde paisinéirí. |
| **15. Tacú le glacadh gluaisteán, veaineanna, trucailí agus busanna** | • Tacaíocht phoiblí a thabhairt isteach, leanúint de thacaíocht phoiblí nó síneadh a chur le tacaíocht phoiblí do cheannach feithiclí astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear i bhflíteanna corparáideacha.<br>• Feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a dhíolmhú ó dholaí i gcomhréir leis an Treoir Eoraifínéid. |

| | |
|---|---|
| **leictreacha agus gluaisteán, veaineanna, trucailí agus busanna atá níos éifeachtúla** | • Dlús a chur le leathadh amach bonneagair luchtaithe atá inrochtana don phobal, go háirithe le haghaidh bonneagar athluchtaithe atá tiomnaithe d'fheithiclí tromshaothair.<br>• Tacú le bonneagar luchtaithe phríobháidigh a shuiteáil trí dhreasachtaí fioscacha spriocdhírithe nó fóirdheontais a chur ar fáil.<br>• A áirithiú go gcuirfidh earnáil na soghluaisteachta riachtanais nasctha eangaí feithiclí tromshaothair in iúl go soiléir agus go tráthúil, agus réamh-mheastacháin thuairimeacha maidir le riachtanais á seachaint, d'oibreoirí córais dáileacháin leictreachais agus d'údaráis phoiblí, agus go ndéanfar iad sin a chomhtháthú sna cleachtaí pleanála éagsúla agus sa phleanáil forbartha gréasáin chun infheistíochtaí eangaí réamh-mheasta agus naisc eangaí níos tapúla a áirithiú. Trédhearcacht a áirithiú maidir le hacmhainneacht óstála eangaí agus pleanáil réamh-mheasta eangaí ar leibhéal OCD maidir leis na riachtanais infheistíochta a bhfuil coinne leo chun an earnáil iompair a leictriú agus chun dlús a chur le córais cheadaithe le haghaidh na dtionscadal eangaí agus bonneagair luchtaithe éagsúil.<br>• Glacadh feithiclí leictreacha san iompar poiblí a mhéadú. |
| **16. Cleachtais tiomána níos éifeachtúla agus feidhmiú feithiclí lasta níos éifeachtúla agus seachadadh earraí níos éifeachtúla a chur chun cinn** | • Athruithe iompraíochta a chur chun cinn, feasacht a mhúscailt agus cúrsaí oiliúna maidir le tiomáint éiceolaíoch a thairiscint.<br>• Úsáid clásal innéacsaithe breosla i gconarthaí iompair de bhóthar a éascú.<br>• Luchtú barrfheabhsaithe feithiclí tromshaothair a áirithiú trí phleanáil agus comhroinnt sonraí níos fearr.<br>• Barr feabhais a chur ar réitigh seachadta ilmhódaigh, lena n-áirítear trí réitigh an mhíle deiridh atá saor ó astaíochtaí agus stáisiúin bhailithe.<br>• Dlús a chur le leathadh amach seirbhísí córais chliste iompair. |
| **Gás nádúrtha** | |
| **17. Gléasraí cumhachta atá ann cheana a bharrfheabhsú chun acmhainneacht ghiniúna leordhóthanach a áirithiú, rud a laghdóidh an t-éileamh ar ghás le haghaidh gléasraí faoi thiomáint gáis** | • Infhaighteacht gléasraí cumhachta núicléiche agus hidreachumhachta a bharrfheabhsú, lena n-áirítear, nuair is féidir agus nuair is inmholta, moill a chur ar ghníomhaíochtaí cothabhála agus pleananna cúltaca a shocrú i gcás sealanna tirime fada.<br>• Scor roimh am sócmhainní giniúna a sheachaint, amhail saoráidí núicléacha atá ann cheana ar féidir leo leanúint de leictreachas iontaofa, ísealchostais agus íseal-astaíochta a sholáthar. |
| **Córas fuinnimh trasghearrtha** | |
| **18. Faoiseamh agus tacaíocht ó thaobh praghsanna de a chur ar fáil i gcomhréir leis an sprioc fhadtéarmach aistriú chuig fuinneamh glan** | • Taraifí gréasáin atá fabhrach don chóras a dhearadh chun costais an chórais a laghdú agus leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na bhfoinsí in-athnuaite.<br>• Praghsanna miondíola forchéimnitheacha a thabhairt isteach agus a áirithiú go gcothóidh idirghabháil i socruithe praghsanna miondíola coigilteas agus an t-aistriú ó ghás go leictreachas, agus go gcúiteoidh sí solúbthacht maidir le freagairt ar an éileamh.<br>• Deireadh a chur le cóir fhabhrach do bhreoslaí iontaise.<br>• Bearta tacaíochta praghais náisiúnta a thabhairt isteach, i gcás inarb ábhartha, le haghaidh teaghlaigh leochaileacha agus gnólachtaí leochaileacha, ar bearta iad atá spriocdhírithe, a bhfuil teorainn ama leo agus nach méadaíonn an t-éileamh.<br>• Feachtais faisnéise atá spriocdhírithe ar theaghlaigh agus gnólachtaí beaga, mar shampla chun tomhaltóirí a spreagadh chun teochtaí téimh agus coire a laghdú, úsáid fuinnimh buaicuaire a sheachaint, soilse a mhúchadh, doirse a |

| | |
|---|---|
| | dhúnadh, níos lú seomraí a théamh, séadeáin a chosc agus úsáid fuinnimh i siopaí a laghdú. |